Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Meitheamh 2024**
**(OR. en)**

**10896/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0410(COD)**

**AGRI 476**
**FORETS 167**
**ENV 608**
**CODEC 1470**
**AGRILEG 287**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 10714/1/24 REV1 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 16064/23 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh 89/367/CEE ón gComhairle lena mbunaítear Buanchoiste Foraoiseachta<br>- Cur chuige ginearálta |

## I. <u>RÉAMHRÁ</u>

1. An 22 Samhain 2023, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh 89/367/CEE ón gComhairle an 29 Bealtaine 1989 lena bunaítear Buanchoiste Foraoiseachta[1].

2. Ós rud é go bhfuil ról ilfheidhmeach ag foraoisí agus go bhfuil fás ag teacht ar an méid a chuireann siad le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, foráiltear i Straitéis Foraoise nua an Aontais do 2030 go mbeadh gá le 'struchtúr rialachais foraoise an Aontais níos cuimsithí agus níos comhordaithe', lena léireofar 'cuspóirí uile na Straitéise agus a n-idirnaisc.'

[1] 16064/23

3. Freagraíonn an togra an gá sin a luaitear thuas le struchtúr rialachais nuashonraithe agus leathnaíonn sé ballraíocht agus cúraimí an Bhuanchoiste Foraoiseachta. Athraítear ainm an choiste go dtí an 'Buanghrúpa Saineolaithe um Fhoraoisí agus um an bhForaoiseacht' freisin. Beartaítear go ndéanfaí an bhallraíocht a leathnú freisin chun údaráis na mBallstát atá inniúil ar chuspóirí beartais éagsúla Straitéis Foraoiseachta Nua an Aontais Eorpaigh le haghaidh 2030 a áireamh (lena n-áirítear aeráid, sláinte foraoise, an comhshaol, foraoiseacht, forbairt tuaithe agus an bithgheilleagar).

4. Níl measúnú tionchair ag gabháil leis an togra, ós rud é nach meastar go mbeidh aon tionchar suntasach eacnamaíoch, sóisialta ná comhshaoil aige.

5. Chinn Coiste na Réigiún nach dtabharfadh sé aon tuairim uaidh maidir leis an togra seo. Ghlac an Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta a thuairim an 20 Márta 2024[2].

6. I bParlaimint na hEorpa, rinneadh an togra a shannadh go comhpháirteach do choistí AGRI agus ENVI. Níor thosaigh na Coistí ag scrúdú an togra go fóill.

## II. STAID NA hIMEARTHA SA CHOMHAIRLE

7. Leanadh den scrúdú ar an togra faoi Uachtaránacht na Beilge sa Mheitheal um Fhoraoiseacht (dá ngairtear 'an Mheitheal' anseo feasta). Chuir an Coimisiún an togra faoi bhráid na Meithle an 5 Nollaig 2023 agus faoi bhráid na Comhairle Talmhaíochta agus Iascaigh an 11 Nollaig 2023.

8. Chuir an Uachtaránacht dhá théacs comhréitigh ar aghaidh, a pléadh ag cruinnithe a bhí ag an Meitheal an 21 Bealtaine agus an 6 Meitheamh 2024 faoi seach, agus léirítear iontu an plé a rinneadh i gcúig chruinniú den Mheitheal agus an t-ionchur i scríbhinn a fuarthas ó na toscaireachtaí ina dhiaidh sin.

9. Ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal an 6 Meitheamh 2024, rinneadh roinnt mionathruithe eile ar an téacs comhréitigh a thíolaic an Uachtaránacht (9751/01/24 REV 1). Ag deireadh an chruinnithe, thug an Uachtaránacht dá haire gur thacaigh na toscaireachtaí i gcoitinne leis an téacs mar a leasaíodh é le linn an chruinnithe.

---

2 8498/24

10. Ag an gcruinniú a bhí aige an 14 Meitheamh 2024, d’fhormhuinigh Coiste na mBuanionadaithe an téacs comhréitigh is déanaí ón Uachtaránacht agus chomhaontaigh sé é a tharchur chuig an gComhairle mar mhír ‘A’ ar an gclár oibre d’fhonn teacht ar chur chuige ginearálta. An tráth sin, chuir ionadaí an Choimisiúin in iúl gur ábhar mór imní dó cuid de na hathruithe a rinneadh ar an togra, eadhon na hathruithe a rinneadh maidir le hainm, comhdhéanamh agus cúraimí an ghrúpa saineolaithe, maidir leis an gceanglas atá ar an gCoimisiún aiseolas a thabhairt don ghrúpa saineolaithe agus maidir leis an athrú ar an bhformáid dhlíthiúil.

**CONCLÚIDÍ**

11. Iarrtar ar an gComhairle (Talmhaíocht agus Iascach) teacht ar chur chuige ginearálta maidir leis an téacs comhréitigh ón Uachtaránacht a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo ag an gcruinniú a bheidh aici an 24 Meitheamh 2024.

**IARSCRÍBHINN**

Dréacht

CINNEADH (AE) …/… Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an…

lena mbunaítear Buanchoiste um Fhoraoisí agus um an bhForaoiseacht agus lena n-aisghairtear Cinneadh 89/367/CEE ón gComhairle

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43 agus Airteagal 192(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[3],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[4],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

---

3 […]
4 […]

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh 89/367/CEE ón gComhairle[5], bunaíodh Buanchoiste Foraoiseachta, chun comhar níos dlúithe agus níos seasmhaí a áirithiú san fhoraoiseacht idir na Ballstáit agus an Coimisiún, agus ar an mbealach sin, tacú le bearta foraoiseachta a tionscnaíodh faoi struchtúr talmhaíochta agus beartas forbartha tuaithe an Aontais.

(1a) Tháinig forbairt ar an mBuanchoiste Foraoiseachta le himeacht ama agus is comhlacht comhairleach lárnach anois é maidir le gach gné d'fhoraoisí agus de bhainistiú foraoisí. San am a chuaigh thart, sannadh cúraimí coiste dó freisin[6]. Mar sin féin, ós rud é go bhfuil an bunghníomh a thugann na cumhachtaí coiste sin don Bhuanchoiste Foraoiseachta dulta in éag, níl feidhm choiste ag an gcomhlacht a thuilleadh. Chun bheith comhsheasmhach leis na Conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis Foraoise an Aontais do 2030[7], ba cheart 'coiste' a thabhairt ar an ngrúpa i gcónaí, cé nach bhfuil feidhmeanna coiste aige a thuilleadh ag an bpointe seo agus gur grúpa saineolaithe é *de facto*.

(2) Is gá Cinneadh 89/367/CEE ón gComhairle a aisghairm i ngeall ar na héilimh shochaíocha mhéadaithe a bhaineann le feidhmeanna iomadúla foraoisí, go háirithe cothromaíocht a bhaint amach idir na gnéithe sóisialta, socheacnamaíocha, bithéagsúlachta agus na gnéithe a bhaineann leis an aeráid. Tá gá le struchtúr rialachais foraoise an Aontais atá níos cuimsithí agus níos comhordaithe lena léirítear, *inter alia*, gach cuspóir atá sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 16 Iúil 2021 dar teideal 'Straitéis Foraoiseachta an Aontais Eorpaigh le haghaidh 2030' agus a n-idirnaisc ar mhaithe le rannchuidiú foraoisí leis na cuspóirí a leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 dar teideal 'An Comhaontú Glas don Eoraip', lena n-áirítear cuspóirí maidir leis an aeráid, leis an mbithéagsúlacht agus leis an mbithgheilleagar inbhuanaithe. Ba cheart gurb é an Buanchoiste Foraoiseachta comhlacht comhordaithe lárnach an Choimisiúin lena ndéantar comhordú leis na Ballstáit chun straitéisí foraoise an Aontais a fhorbairt agus a chur chun feidhme agus chun treoir a thabhairt maidir le saincheisteanna a bhaineann le foraoisí agus le foraoiseacht.

---

5 Cinneadh 89/367/CEE ón gComhairle an 29 Bealtaine 1989 lena mbunaítear Buanchoiste Foraoiseachta, IO L 165, 15.6.1989, lch. 14, , ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/1989/367/oj).

6 Rialachán (CE) Uimh. 2152/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Samhain 2003 maidir le monatóireacht ar fhoraoisí agus idirghníomhaíochtaí comhshaoil sa Chomhphobal, IO L 324, 11.12.2003, lch. 1.

7 13984/21

(3) In 2019, bhunaigh an Coimisiún an Mheitheal um Fhoraoiseacht agus um an Dúlra mar fhoghrúpa sealadach den Ghrúpa Comhordúcháin um an mBithéagsúlacht agus um an Dúlra. Ba é príomhchuspóir na Meithle sin comhairle agus saineolas a chur ar fáil don Choimisiún, i ndáil le héiceachórais foraoise agus bainistiú na n-éiceachóras sin, chun cabhrú le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030, Straitéis nua Foraoiseachta an Aontais le haghaidh 2030 agus gníomhaíochtaí gaolmhara agus chreat Choinbhinsiún iar-2020 na Náisiún Aontaithe maidir leis an mBithéagsúlacht, agus le meastóireacht a dhéanamh orthu sin. Tá taithí agus saineolas an Bhuanchoiste Foraoiseachta agus Mheitheal an Choimisiúin um Fhoraoiseacht agus um an Dúlra i leith saincheisteanna maidir le foraoisí agus maidir leis an bhforaoiseacht a eascraíonn as beartais éagsúla de chuid an Aontais tábhachtach i dtaobh rannchuidiú níos leithne foraoisí agus foraoiseacht le príomhchuspóirí agus le príomhthionscnaimh an Aontais, cuir i gcás an Comhaontú Glas don Eoraip agus Straitéis nua Foraoiseachta an Aontais le haghaidh 2030, agus i dtaobh comhleanúnachas agus sineirgí a chur chun cinn idir beartais an Aontais agus beartais na mBallstát atá ábhartha d’fhoraoisí agus don fhoraoiseacht.

(4) Tá méadú ar an treocht i dtreo na hilroinnte i mbeartais an Aontais a bhaineann le foraoisí. Raon feidhme an Bhuanchoiste Foraoiseachta a leathnú agus a chúraimí agus a chomhdhéanamh a shoiléiriú, sin é an bealach is éifeachtaí chun struchtúr rialachais foraoise an Aontais a dhéanamh níos cuimsithí agus níos comhordaithe. Ba cheart, ina theannta sin, an Buanchoiste um Fhoraoisí agus um an bhForaoiseacht a thabhairt amach anseo ar an mBuanchoiste Foraoiseachta chun na modhnuithe sin a léiriú. Arna iarraidh sin don Choimisiún nó do Bhallstát, ba cheart dó aghaidh a thabhairt ar aon saincheist nó aon ghné a bhaineann le foraoisí agus leis an bhforaoiseacht a eascraíonn as beartais éagsúla de chuid an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit ionadaithe ó na húdaráis atá inniúil ar na cuspóirí beartais sonracha a ainmniú.

(5) Ós rud é gur gá Cinneadh 89/367/CEE a mhodhnú go substaintiúil, ba cheart é a aisghairm agus an Cinneadh seo a chur ina ionad ar chúiseanna deimhneachta dlíthiúla, soiléireachta agus trédhearcachta.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

***Bunú***

Chun dlúthchomhar a áirithiú agus malartú ildisciplíneach a chothú idir na Ballstáit agus an Coimisiún maidir le foraoisí agus foraoiseacht i ndáil le réimsí beartais uile an Aontais atá ábhartha d'fhoraoisí, agus go háirithe chun a ról comhairleach a neartú, bunaítear leis seo grúpa saineolaithe ar a dtugtar an Buanchoiste um Fhoraoisí agus um an bhForaoiseacht.

*Airteagal 2*

***Cúraimí***

1. Féadfaidh an Coiste comhairle a chur ar an gCoimisiún maidir le haon saincheist nó aon ghné a bhaineann le foraoisí agus leis an bhforaoiseacht a eascraíonn as beartais an Aontais ar thionscnamh an Choimisiúin nó arna iarraidh sin do Bhallstát amháin nó níos mó.

2. Go sonrach, is iad seo a leanas na cúraimí a bheidh ar an gCoiste:

(a) cúnamh a thabhairt don Choimisiún tograí reachtacha ábhartha, straitéisí ábhartha, treoirlínte ábhartha nó tionscnaimh bheartais ábhartha eile de chuid an Aontais a bhfuil foraoisí nó foraoiseacht mar phríomhábhar acu, nó a bhfuil tionchar suntasach acu ar fhoraoisí agus ar an bhforaoiseacht san Aontas, a ullmhú agus a chur chun feidhme;

(b) comhairle agus saineolas a sholáthar don Choimisiún, ar thionscnamh an Choimisiúin nó arna iarraidh sin ag Ballstát, d'fhonn tacú le rannchuidiú níos leithne foraoisí agus na foraoiseachta le cuspóirí agus tionscnaimh ghaolmhara de chuid an Aontais, agus an tionchar a bhíonn ag na cuspóirí agus na tionscnaimh sin ar a chéile a mheas, mar aon lena dtionchair charnacha ar fhoraoisí agus ar an bhforaoiseacht, agus ar an dóigh sin comhleanúnachas agus sineirgí idir beartais an Aontais atá ábhartha d'fhoraoisí agus foraoiseacht a chur chun cinn;

(c) comhar a chur chun cinn idir an Coimisiún agus na Ballstáit agus idir na Ballstáit maidir le foraoisí agus leis an bhforaoiseacht, lena n-áirítear tacú le bearta agus idirghabhálacha faoin gcomhbheartas talmhaíochta;

(d) malartú eolais, taithí agus dea-chleachtas a chothú, chomh maith le tuairimí a mhalartú maidir le saincheisteanna agus tionscnaimh atá ag teacht chun cinn agus atá ábhartha d'fhoraoisí agus don fhoraoiseacht, lena n-áirítear ón earnáil foraoisbhunaithe i gcoitinne.

(e) féachaint le sineirgí a chothú idir beartais náisiúnta agus beartais an Aontais a bhaineann le foraoisí agus leis an bhforaoiseacht agus comhoibriú i leith na sineirgí sin, agus forbairtí idirnáisiúnta á gcur san áireamh freisin;

(f) tuairimí a fhoirmliú maidir le tograí reachtacha, treoirlínte, straitéisí nó tionscnaimh bheartais eile de chuid an Aontais a bhaineann le foraoisí nó foraoiseacht. Déanann an Coimisiún tuairimí comhaontaithe ón gCoiste a mheas agus cuspóirí beartais a bhaineann le foraoisí á gcur chun cinn aige, agus tugann sé aiseolas faoin gcaoi ar bhreithnigh siad an tuairim.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh ar thogra reachtach ón gCoimisiún, cúraimí eile a shannadh don Choiste i ndáil le beartais de chuid an Aontais a bhfuil tionchar acu ar fhoraoisí agus ar an bhforaoiseacht.';

4. […]

*Airteagal 3*

***Comhdhéanamh***

1. Beidh an Coiste comhdhéanta d'ionadaithe ó na Ballstáit.

2. Ainmneoidh na Ballstáit a n-ionadaithe a bhaineann le foraoisí agus leis an bhforaoiseacht. Cuireann na Ballstáit ar a n-údaráis atá freagrach as réimsí beartais éagsúla a bheith páirteach in ullmhú chruinnithe an Choiste, ag brath ar an gclár oibre.

2a. Cuireann an Coimisiún ar a Ard-Stiúrthóireachtaí agus a ghníomhaireachtaí atá freagrach as réimsí beartais éagsúla a bheith rannpháirteach in ullmhú chruinnithe an Choiste, ag brath ar an gclár oibre.

3. Ionadaí ón gCoimisiún a dhéanfaidh cathaoirleacht ar an gCoiste.

*Airteagal 4*

***Cruinnithe***

Tiocfaidh an Coiste le chéile go rialta i gcaitheamh na bliana chun na cúraimí a shonraítear in Airteagal 2 a chomhlíonadh. Tá sé sin le sonrú i Rialacha Nós Imeachta an Choiste.

*Airteagal 5*

***An Rúnaíocht***

Is é an Coimisiún a sholáthróidh rúnaíocht an Choiste.

*Airteagal 6*

***Rialacha Nós Imeachta***

Glacfaidh an Coiste a rialacha nós imeachta féin.

*Airteagal 7*

***Aisghairm***

Aisghairtear Cinneadh 89/367/CEE. Forléireofar tagairtí don Chinneadh aisghairthe mar thagairtí don Chinneadh seo.

*Airteagal 8*

***Teacht i bhfeidhm***

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i/in/sa ...,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |